C/2025/2332

16.4.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11935 — CARLYLE / SK CAPITAL PARTNERS / BLUEBIRD)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/2332)

1. An 7 Aibreán 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— The Carlyle Group Inc. ('Carlyle', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— SK Capital Investment VI, Ltd. ('SKCI VI', Stáit Aontaithe Mheiriceá), faoi rialú SK Capital Partners L.P. ('SK Capital Partners', Stáit Aontaithe Mheiriceá)

— Bluebird bio, Inc. ('Bluebird', Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Gheobhaidh Carlyle agus SK Capital Partners rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Bluebird ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir sócmhainní malartacha domhanda Carlyle a infheistíonn i gcothromas príobháideach, i gcreidmheas domhanda agus i réitigh infheistíochta, lena n-áirítear réadmhaoin, acmhainní nádúrtha, agus straitéisí ciste cistí,

— Is gnólacht infheistíochta príobháideach SK Capital Partners agus atá dírithe ar earnáil na n-ábhar speisialtachta, na gceimiceán agus na cógaisíochta,

— Tá Bluebird gníomhach go príomha i bhforbairt agus tráchtálú géinteiripí arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna galair ar an leibhéal géiniteach. Tá Bluebird gníomhach go heisiach sna Stáit Aontaithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11935 — CARLYLE / SK CAPITAL PARTNERS / BLUEBIRD

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË